# CLÁR ÁBHAIR

CLÁR ÁBHAIR ........ 2

AN OIFIG ........ 3

ÁR LUACHANNA ........ 4

AN RÓL ........ 4

CEANGLAS: SAINEOLAS & INNIÚLACHTAÍ ........ 5

PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE - IONCHÚISITHEOIR ........ 7

AN PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNÚCHÁIN ........ 13

CEARTA IARRTHÓIRÍ - NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE MAIDIR LEIS AN PHRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN ........ 15

OIBLEAGÁIDÍ NA N-IARRTHÓIRÍ ........ 17

NA HACHTANNA UM CHOSAINT SONRAÍ ........ 17

AGUISÍN 1: CÁILITHEACHT CHUN DUL IN IOMAÍOCHT AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR CHÁILITHEACHT ........ 18

AGUISÍN 2: INNIÚLACHTAÍ ........ 20

# Ionchúisitheoir le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Éilíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar dhlíodóirí post buan d'Ionchúisitheoirí a líonadh. An bhfuil tú [1]cáilithe, nua-cháilithe, ar tí cáiliú mar Aturnae nó mar Abhcóide? Más é 'tá' an freagra ar an gceist sin, d'fhéadfadh seo a bheith in deis gairme iontach duit. Cruthófar painéal ón chomórtas oscailte seo chun poist dhlíthiúla ag leibhéal an Ionchúisitheora a líonadh[2].

## An Oifig

Bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí faoin Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974. Is é ár misean ná Seirbhís Ionchúisimh a chur ar fáil atá neamhspleách, cóir agus éifeachtach. Tá an Stiúrthóir neamhspleách i gcomhlíonadh a feidhmeanna.

Forfheidhmíonn an Stiúrthóir an dlí coiriúil sna cúirteanna ar son Mhuintir na hÉireann; stiúrann agus déanann sí maoirseacht ar ionchúisimh phoiblí ar díotáil sna cúirteanna; agus tugann sí treoir ghinearálta agus comhairle don Gharda Síochána maidir le cásanna achoimre mar aon le treoir shainiúil ina leithéid de chásanna nuair a iarrtar sin.

Tá ceithre rannóga ag Oifig an Stiúrthóra na Ionchúiseamh Poiblí:

1. Tá an **Rannóg Stiúrtha**freagrach as stiúradh foriomlán imeachtaí coiriúla tromchúiseacha..
2. Tá **Rannóg na Seirbhísí Tacaíochta Ionchúisimh** freagrach as tacú leis an obair ionchúisimh choiriúil i réimsí an dlí idirnáisiúnta, idirchaidrimh le híospartaigh agus beartas agus taighde.
3. Tá **Rannóg na nDlíodóirí** freagrach as an tseirbhís dlíodóirí a sholáthar i mBaile Átha Cliath don Stiúrthóir agus maoirseacht a dhéanamh ar seirbhís náisiúnta na hAturnaetha Stáit.
4. Tá **Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha** freagrach as cuspóirí foriomlána na hOifige a chumasú agus cur leo trí raon feidhmeanna tacaíochta corparáidí a chur i bhfeidhm.

Chomh maith leis na Rannóga, tá dhá shainaonad ann a dhíríonn ar chionta gnéasacha agus ar tromchoireacht agus ar choireacht airgeadais: An tAonad um Chionta Gnéasacha agus um Tromchoireachta agus an tAonad Speisialta Coireachta Airgeadais.

Déanann ball den Fhoireann Ardbhainistíochta maoirsiú ar gach Rannóg den Oifig. Tá na hAonaid agus na Rannáin i ngach Rannóg á mbainistiú ag comhaltaí den Bhord Bainistíochta agus daoine a bhfuil scileanna agus cúlraí éagsúla acu mar fhoireann. Tá cur síos mionsonraithe ar obair gach ceann de rannóg na hOifige ar fáil ar https://www.dppireland.ie/about-us/our-organisation .

Is fostóir cuimsitheach forásach í Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a fhreagraíonn do riachtanais agus roghanna a lucht saothair trína bheartais agus a chleachtais fostaíochta. Mar fhostóir, ba mhaith linn daoine maithe a mhealladh agus a choinneáil. Ciallaíonn sé seo cúram a thabhairt dár bhfostaithe. Níl sa ghairm

[1] *Tá sé molta go bhfanfaidh an painéal ann ar feadh tréimhse 18 mí ó bhunaítear é.*


bheatha thaitneamhach dhúshlánach ach ceann amháin de na buntáistí a bhainfidh tú taitneamh as má théann tú isteach san Oifig. Tá roinnt beartais oibre solúbtha agus atá oiriúnach do theaghlaigh againn, lena n-áirítear Postroinnt, Bliain Oibre Níos Giorra, Cianobair (oibríonn sé seo ar bhonn 'cumaisc'), srl.

Is eagraíocht foghlama muid a bhfuil tiomantas láidir againn don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach. Cuirimid raon deiseanna foghlama agus comhroinnte eolais ar fáil chun é seo a chumasú, lena n-áirítear socrúcháin oibre inmheánach, oideachas tríú leibhéal agus rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre tras-rannáin agus seachtracha san Earnáil Ceartais Coiriúil.

Tá Scéim Soghluaisteachta againn le cinntiú gur féidir linn ár bhfoireann a fhorbairt tuilleadh agus deiseanna fiúntacha gairme a thabhairt dóibh. Cuireann sé sin deis ar fáil chun obair Trasrannóga agus Trasaonaid a dhéanamh. Bíonn ár ndaoine in ann taithí leathan a fháil agus cothaítear comhoibriú agus coláisteacht dá bharr.

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil ag: Ag Obair Linn.

## Ár Luachanna




## An Ról

Ní mór d'ionchúisitheoirí saineolas agus saintuiscint a bheith acu ar chúrsaí dlí mar aon leis na prionsabail arna leagadh amach agTreoirlínte na hOifige d'Ionchúisitheoirí. Tá ionchúisitheoirí freagrach as bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar líon cásanna s'acu agus chun oibre den ardchaighdeán a sheachadadh, agus chun ardchaighdeáin de chruinneas, d'eitic agus d'ionracas a chur i bhfeidhm. Tá roinnt róil éagsúla ag dul d'ionchúisitheoirí san Oifig thar ceann amháin dár dtrí rannán dlí nó sna hAonaid speisialaithe:

- an Rannán Stiúrtha: Bíonn ar ionchúisitheoirí líon cásanna pearsanta a bhainistiú. Tá obair sa Rannán Stiúrtha dírithe go príomha ar fháthanna ar chóir nó nach cóir ionchúiseamh a thionscnamh agus cén cineál cúisimh a bheas cuí leo. Beidh ionchúisitheoirí freagrach chomh maith as treoracha a thabhairt maidir le riaradh na n-ionchúiseamh de réir mar a éiríonn cásanna trína saolréanna a bhaineann leo.

- an Rannán Aturnaetha: Bíonn líon cásanna pearsanta le bainistiú ag ionchúisitheoirí agus beidh sé sin dírithe ar sheirbhís a thabhairt don Stiúrthóir maidir le gach uile ionchúiseamh sa Cheantar Cathrach Bhaile Átha Cliath, an Chuaird, an Phríomh-Chúirt Chuarda agus an Chúirt Choiriúil Speisialta, an Chúirt Achomhairc chomh maith le riar a dhéanamh ar ábhair bainte le hAthbhreithniú Breithiúnais a thagann chun cinn de thoradh ar ionchúisimh. Ó am go ham, féadfaidh le hIonchúisitheoirí seal a chaitheamh ar chúirteanna taobh thiar de Bhaile Átha Cliath.

- an Rannán Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh Bíonn ar ionchúisitheoirí cás / ualach oibre pearsanta a bhainistiú, agus beidh an comhdhéanamh sin ag brath ar an Aonad Rannáin a bheas siad ag obair leis. Tá na trí aonaid seo a leanas faoi scáth ag an Rannán seo: an tAonad Idirchaidrimh Íospartaigh, an tAonad Beartais Ionchúiseamh agus Idirnáisiúnta agus an tAonad Taighde.

- Aonaid Speisialaithe: Sannfar ionchúisitheoirí don Aonad um Chionta Gnéasacha agus um Tromchoireachta nó don Aonad Airgeadais Speisialta, beidh orthu líon cásanna pearsanta a bhainistiú agus beidh siad ag díriú ar sheirbhís a thabhairt don Stiúrthóir maidir leis na hionchúisimh ar fad i réimse na speisialtóireachta.

Oibríonn gach ionchúisitheoir go comhoibritheach agus go réamhghníomhach chun tacaíocht a thabhairt dá gcomhghleacaithe óna fhoireann nó óna foireann féin mar aon le comhghleacaithe fud fad an rannáin agus na heagraíochta fiú.

Ar aon dul lenár Scéim Soghluaisteachta, cé go ndéanfar ceapacháin chuig réimse ar leith, déanfar athshannadh chuig réimsí eile den Oifig ar aon dul le riachtanais ghnó agus forbartha.

*Toisc gurb é príomhghnó na hOifige ionchúiseamh na coireachta, beidh roinnt teagmhála ag gach ball foirne dlí a fhostaíonn an Oifig le comhaid ionchúisimh, a bhféadfadh ábhar de chineál anacair a bheith iontu.*

## Ceanglas: Saineolas & Inniúlachtaí

### Riachtanach

Ní mór do gach iarrthóir, faoin Dé Céadaoin, 28ú Feabhra 2024 nó roimh ré a bheith cláraithe mar Aturnae sa Stát, nó, glaodh chun an Bharra faighte acu. Caithfidh gach iarrthóirí an méid seo a leanas a bheith acu chomh maith:

**i)** Taithí cleachtaidh (i rith oiliúint proifisiúnta nó tar éis an cháilíocht a bhaint amach) ar a laghad ceann amháin de na réimsí seo a leanas:

   a. Dlí Coiriúil, Rialála nó Forfheidhmithe
   b. Dlí Riaracháin, Bunreachtúil nó Eorpach
   c. Dlíthíocht agus/nó dlíthíocht a bhaineann le comhlachtaí poiblí
   d. Dlí Fostaíochta

ii) Stair mhaith acu maidir le torthaí a chur i gcrích go héifeachtach, go háirithe i bhfoirm líon cásanna s’acu a bhainistiú.
iii) Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta ar ardleibhéal acu agus tuiscint ar an dóigh chun plé a dhéanamh le páirtithe leasmhara seachtracha.
iv) Scileanna láidir anailíse agus cinnteoireachta.
v) Taithí nó cumas le bheith ag obair i dtimpeallacht oifige ríomhairithe, lena n-áirítear úsáid na gcóras leictreonach do chásanna a bhainistiú nó aon fheidhmchlár TFC eile le haghaidh cleachtas dlí.

Ní mór d'iarrthóirí freisin na príomhinniúlachtaí le haghaidh feidhmíochta éifeachtach ag an leibhéal seo a bhfuil mionsonraí orthu ag **Aguisín 2**.

## Inmhianaithe

i) Forbairt ar an fhaisnéis bhainistíochta i dtimpeallacht oifige a bhaint amach.
ii) Taithí oibre i níos mó ná eagraíocht amháin.
iii) Ábaltacht sa Ghaeilge nó i dteangacha eile.

**Ba chóir d’iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach dtugann iontráil sa chomórtas le tuiscint go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta. Mar sin, ba cheart d’iarrthóirí iad féin a shásamh go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta don chomórtas seo.**

# Príomhchoinníollacha Seirbhíse - Ionchúisitheoir

## Ginearálta

Tá an ceapachán faoi réir Achtanna Rialacháin na Státseirbhíse 1956 go 2005, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Acht eile a bheidh i bhfeidhm de chumhacht na huaire maidir leis an Státseirbhís.

## Pá

Seo a leanas tuarastal an phoist:

Scála Pá RPP (Ranníocaíocht Phinsin Phearsanta)[3] le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023:

€37,200 €39,868 €40,633 €43,976 €48,251 €51,527 €54,855 €58,240 €61,619 €64,979 €75,822 €78,615 €81,445 €84,286 €87,122 €88,757 €91,619 (LSI1) €94,491 (LSI2)

**NÓTA TÁBHACHTACH:** Agus é sa ghnáthchúrsa go dtosóidh an pointe iontrála tuarastail ag bun an scála, féadfaidh pá agus coinníollacha difriúla a bheith ann ag brath ar nósanna imeachta an Rialtais maidir le polasaithe pá. Chun críocha an chomórtais é seo, féadfar ceapachán suas go Pointe 7 a thairiscint ar iarrthóirí m.sh. €54,855 de rogha an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a chur iar-cháilíocht an iarrthóra san áireamh.

D’fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha tar éis 3 bliana (LSI1) agus 6 bliana(LSI2) de sheirbhís shásúil ar ghrád uasta an scála.

Ba chóir d’iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist, más státseirbhíseach nó státseirbhíseach ar seirbhís é an ceapaí, díreach roimh an gceapachán.

Faoi réir feidhmíocht shásúil d’fhéadfadh go mbeadh incrimintí iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais.

Aontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntais nó speansais de réir Imlitir 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas, agus Caiteachais a dhéantar do Bhaill Foirne/Iarbhaill Foirne/Pinsinéirí.

## Tionacht agus Promhadh

D’fhéadfadh an ceapachán a bheith ina phost buan nó ina phost sealadach sa Státseirbhís. Mairfidh an conradh promhaidh do phost buan ar feadh tréimhse bliana ón dáta a shonraítear ar an chonradh. Beidh an conradh le haghaidh poist shealadach ar feadh tréimhse a shonrófar sa chonradh.

Cuirfear painéal le chéile tar éis an chomórtais é seo agus féadfaidh leis an phainéal aon fholúntas a bhaineann le hIonchúisitheoirí ar feadh tréimhse 18 mí ón dáta foirmithe an phainéil a líonadh dá réir. Ní bhreithneofar iarrthóirí ar tairgeadh post dóibh cheana féin ón gcomórtas seo le haghaidh folúntais amach anseo. Ó am go chéile, b’fhéidir go n-éileoimid ar Ionchúisitheoirí le haghaidh conradh téarma seasta (CTS).

---

[3] *Tá feidhm ag an ráta RPP nuair a cheanglaítear ar an duine Ranníocaíocht Phinsin Phearsanta a íoc (ar a dtugtar ranníocaíocht príomhscéim ar shlí eile) de réir rialacha a bpríomhscéim/scéim aoisliúntais phearsanta. Ní hionann é seo agus ranníocaíocht maidir le ballraíocht i scéim Céilí agus Leanaí nó Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC). Beidh ráta difriúil i bhfeidhm nuair is státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí an ceapaí a earcaíodh roimh 6 Aibreán 1995* ***agus nach gceanglaítear air/uirthi*** *Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.*

# AN PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNÚCHÁIN

## Conas iarratas a Dhéanamh

Cuir isteach d'iarratas ar ríomhphost le do thoil chuig Recruitment@dppireland.ie leis an méid seo a leanas:

1. CV cuimsitheach (gan dul thar 3 leathanach – le Sonraí Oideachais agus Stair Oibre in ord croineolaíoch san áireamh)

2. Foirm Iarratais Inniúlachta- ní mór d'iarrthóirí an fhoirm iarratais dá gcuirtear ar fáil san fhógra comórtais seo a úsáid, ní ghlacfar le hiarratais a fhaightear in aon fhormáid eile agus beidh siad ar neamhní. Ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú go hiomlán.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfágfaidh easnamh aon cheann nó cuid den dá dhoiciméad iarrtha, atá leagtha amach thuas, an t-iarratas neamhiomlán. Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána don chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis ama an dáta deiridh.

## Dáta Deiridh

Ní mór do CV agus d'fhoirm iarratais a chur isteach le ríomhphost tráth nach déanaí ná **3:30 in, 14 Feabhra 2024** Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 2 lá oibre ón iarratas a dhéanamh, déan teagmháil le do thoil le: Shane Breen (01-8588446) Traci Peake (01-8588446) nó **Recruitment@dppireland.ie**

Tá sé de dhualgas ar gach iarratasóir a chinntiú go bhfuil sé/sí ag fáil gach cumarsáid ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Ní ghlacann an Oifig aon fhreagracht as cumarsáid nach ndéanann iarratasóir rochtain air/uirthi nó nach bhfaigheann sé/sí. Tá sé de fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála a shonraítear ar an CV agus ar an bhfhoirm iarratais cruinn. Tá sé de fhreagracht ar an iarrthóir freisin a chinntiú go ndéantar gach fillteán ábhartha a sheiceáil le haghaidh ríomhphoist a d'fhéadfadh a bheith gafa le seiceálacha turscair/ slándála.

## An Próiseas Roghnúcháin

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa phróiseas roghnúcháin:

- **i)** CV agus foirm Iarratais a chur isteach
- **ii)** Gearrliostú iarrthóirí bunaithe ar an eolas atá ina nIarratas
- **iii)** Agallamh tosaigh/réamhagallamh
- **iv)** Cur i láthair nó cleachtaí eile
- **v)** Agallamh iomaíoch deiridh
- **vi)** Aon tástálacha nó cleachtaí eile a mheastar a bheith iomchuí

Féadfaidh ballraíocht na mbord roghnúcháin a bheith difriúil ag céimeanna éagsúla an Phróisis Roghnúcháin.

Ba cheart d'iarratasóirí machnamh go cúramach ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil sa Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí seo a bhaineann leis an ról. Is chun leasa gach iarratasóra é a chinntiú go dtugann a CV agus a bhfoirm iarratais cuntas mionsonraithe cruinn ar thaithí, inniúlachtaí, éachtaí agus cáilíochtaí.

Breithneofar an fhaisnéis a sholáthraítear sa CV agus san fhoirm iarratais seo le linn na gcéimeanna éagsúla den phróiseas roghnúcháin mar seo a leanas:

## Incháilitheacht a Chinneadh

Seiceálfar iarratais chun a fháil amach ar chomhlíonadh na ceanglais incháilitheachta atá leagtha amach sa Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí.

## Gearrliostú

Déanfar CV agus foirm iarratais na n-iarrthóirí a mheasúnú i gcoinne na gceanglas/ na gcritéar agus na n-inniúlachtaí atá leagtha amach sa leabhrán seo. Ní féidir i gcónaí gach iarrthóir incháilithe a chur ar an ngearrliosta le haghaidh agallaimh mar gheall ar líon ard iarratas. Cuirfidh an Bord Gearrliostaithe líon cuí iarrthóirí ar an ngearrliosta le haghaidh agallaimh. Roghnóidh na Boird Ghearrliostaithe na hiarrthóirí is fearr, dar leo, a léirigh na riachtanais/ critéir agus Inniúlachtaí Riachtanacha agus Inmhianaithe don ról atá leagtha amach sa Leabhrán seo. Ní thugtar le fios leis sin gur gá go bhfuil iarrthóirí mí-oiriúnach nó neamhchumasach an post a ghlacadh orthu féin, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann a bhfuil an chuma orthu go bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu, bunaithe ar a n-iarratas. Dá bhrí sin is chun do leasa féin é chun cuntas beacht, mionsonraithe, cruinn a sholáthar ar do cháilíochtaí/taithí i d'iarratas.

## Agallamh

Beidh Bord Agallaimh comhdhéanta de chomhaltaí ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus comhalta seachtrach(a). Féadfaidh an Bord Agallaimh iarrthóirí a cheistiú faoina gcuid eolais agus taithí a bhaineann le haon cheann de na hinniúlachtaí nó na riachtanais riachtanacha nó inmhianaithe agus faoi aon fhaisnéis a chuirtear ar fáil ina n-iarratas.

Déanfar agallaimh don chomórtas seo go pearsanta a mhairfidh thart ar 40 nóiméad. Ba cheart d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta(í) atá sonraithe ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Déanfar socruithe réasúnta ag gach céim den phróiseas roghnúcháin do dhaoine faoi mhíchumas. Seol ríomhphost chuig ár bhfoireann earcaíochta trí Recruitment@dppireland.ie agus beidh ball den fhoireann sásta cabhrú leat.

## Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

## Imréiteach Slándála

Má thagann tú faoi bhreithniú le haghaidh ceapacháin, beidh ort foirm ríomh-ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a sheoladh ar ais. Cuirfear an fhoirm seo ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ina raibh cónaí ort. Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfadh imréiteach slándála suas le 8 seachtaine a ghlacadh agus i gcásanna áirithe go bhféadfadh sé go dtógfadh sé níos faide. Sa chás nach n-éiríonn le d'iarratas ar an gcomórtas, scriosfar an fhoirm seo agus ní choinneoidh an Oifig aon taifead.

Má tá cónaí ort i dtíortha lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh tréimhse 6 mhí nó níos mó, tá sé éigeantach duit Deimhniú Imréitigh Póilíní a sholáthar ó na tíortha sin ag rá nach bhfuil aon chiontuithe taifeadta i do choinne agus tú i do chónaí ann. Teastaíonn Deimhniú Imréitigh Póilíní ar leith do gach tír ina

- Ní mór don iarrthóir aghaidh a thabhairt ar a n-imní maidir leis an bpróiseas i scríbhinn, ag cur síos go soiléir ar na cúiseanna a gcreideann siad go raibh an próiseas roghnúcháin éagórach ina gcás. Ní mór é seo a sheoladh chuig an gCeann Earcaíochta, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, laistigh de 5 lá oibre tar éis fógra a thabhairt faoin gcinneadh roghnúcháin. Is iondúil go gcríochnóidh ball den Fhoireann AD-OD an t-athbhreithniú neamhfhoirmiúil.

- Ní mór gearán nó iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre ó fhógra an chinnidh tosaigh nó laistigh de 5 lá oibre ó thoradh na céime athbhreithnithe neamhfhoirmiúla, má bhaintear leas as. Ní mór é seo a sheoladh chuig an gCeann Earcaíochta, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Beidh an t-athbhreithniú foirmiúil curtha i gcrích ag duine atá neamhspleách ar an bpróiseas roghnúcháin.

Sa chás go gcreideann iarrthóir go sáraítear gné den phróiseas cód cleachtais an CPSA, féadfaidh an CPSA fiosrú a dhéanamh air faoi Alt 8 den chód.

## Aguisín 2: Inniúlachtaí

Beidh an t-eolas, an taithí, an scil, an tuiscint chuí nó an inniúlacht ábhartha ar an iarrthóir rathúil cionn is go léiríonn siad go soiléir oiriúnacht s'acu chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mar Ionchúisitheoir le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

**Eolas Dlí, Saineolas agus Féinfhorbairt**

- Eolas ar chúrsaí dlí agus ar chleachtas agus ar an chóras dlí;
- Tuiscint shoiléir ar an ról agus ar chuspóirí na hOifige agus na feidhmeanna atá aige sin maidir leis an chóras dlí coiriúil;
- A bheith réamhghníomhach maidir le coinneáil suas chun dáta ar shaincheisteanna agus ar phríomhfhorbairtí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a gceantar féin;
- Coinnítear fócas láidir ar fhéinfhorbairt, ag lorg aiseolais agus deiseanna fáis.

**Scileanna Breithiúnais, Anailíse agus Cinnteoireachta**

- Inniúlacht acu san anailís dlí, sásta an chríonnacht bunaithe a cheistiú agus cur chuige oscailte a chothú;
- Faigh suas chun dáta i gcúrsaí coimpléascacha, agus in ann gach faisnéis/sonraí cuí a thógáil isteach (idir scríbhinn agus ó bhéal);
- Príomhthéamaí agus patrúin a aithint thar agus ó fhoinsí éagsúla faisnéise, chun conclúidí stuama agus cothroma a dhéanamh;
- Tuiscint a dhéanamh ar na himpleachtaí loighciúla a bhaineann le seasamh áirithe a ghlacadh roimh cheisteanna;
- Maith agus cruthaitheach ó thaobh foinsí de, in ann modhanna agus cur chuige bunaidh a ghiniúint le haghaidh fadhbanna a réiteach agus cinntí a ghlacadh.

**Bainistíocht agus Torthaí a Bhaint Amach**

- Freagracht pearsanta a ghlacadh as cuspóirí/spriocanna aontaithe, agus iad a chur i bhfeidhm;
- In ann an iliomad cásanna/ comhaid /tionscadail agus gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a chur chun tosaigh;
- Paraiméadair ama do chásanna/ comhaid/ tionscadail a mheas agus in ann a am/ nó a ham a bhainistiú go héifeachtach, in ann constaicí a aithint agus pleananna teagmhais a dhéanamh orthu;
- Fócas láidir a chothabháil dírithe ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara a shárú gach uair;
- Cinnte a dhéanamh go mbainfear gach uile aschur amach ar ardchaighdeán agus ar mhodh éifeachtach;
- Acmhainní a úsáid go héifeachtach, agus in ann próisis a cheistiú chun éifeachtachtaí a fheabhsú.

**Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide**

- Faisnéis a chur in iúl ar bhealach muiníneach, loighciúil agus áititheach, ó bhéal agus i scríbhinn;
- In ann cluas éisteachta éifeachtach a thabhairt agus ábalta dialóg dhá bhealach a fhorbairt;

